Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Bealtaine 2025
(OR. en)

8817/25

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0103(COD)**

**ECOFIN 527**
**UEM 147**
**CADREFIN 44**
**CODEC 580**
***EIB***
***ECB***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Bealtaine 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN<br>Meastóireacht mheántéarma ar an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (2021-2027) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 198 final.

Faoi iamh: COM(2025) 198 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.5.2025
COM(2025) 198 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Meastóireacht mheántéarma ar an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (2021-2027)**

{SWD(2025) 117 final}

GA GA

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Meastóireacht mheántéarma ar an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (2021-2027)**

## RÉAMHRÁ

Is féidir **athchóirithe struchtúracha** a thuiscint mar bhearta a bhfuil éifeachtaí fadtéarmacha acu ar struchtúr an gheilleagair, ar an gcreat institiúideach agus rialála ina bhfeidhmíonn gnólachtaí agus daoine, ar an rialachas poiblí, nó a dhéanann dul chun cinn i dtreo cuspóirí beartais ábhartha. **Bunaíodh an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil le Rialachán (AE) 2021/240**, agus forbairt á déanamh ar a réamhtheachtaí - an clár tacaíochta um athchóiriú struchtúrach (2017-2020) - agus á bainistiú ag Ard-Stiúrthóireacht na Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach (AS REFORM)[1]. Ó cruthaíodh é in 2021, chuir an Ionstraim um thacaíocht theicniúil saineolas teicniúil saincheaptha ar fáil d'aon Bhallstát a bhfuil dúshláin roimhe maidir lena chlár oibre um athchóiriú a dhearadh agus a chur chun feidhme i raon leathan réimsí beartais. Tá an tacaíocht faoi thionchar an éilimh agus ní éilítear cómhaoiniú ó na Ballstáit léi.

**Cumhdaítear le raon feidhme na meastóireachta meántéarma seo** na tionscadail uile a chistítear faoi **thimthriallta na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil 2021, 2022 agus 2023, i ngach ceann de 27 mBallstát an Aontais**. Sin 611 thionscadal tacaíochta teicniúla san iomlán, a chomhfhreagraíonn do 886 chomhpháirt náisiúnta de thionscadail, agus buiséad iomlán ag dul leo dar luach EUR 359 milliún. Déantar anailís sa mheastóireacht mheántéarma ar **thimthriall oibríochtúil chláir oibre** bhliantúla na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil, ó iarrataí na mBallstát ar thacaíocht theicniúil a ghlacadh agus measúnú a dhéanamh orthu go meastóireacht a dhéanamh ar thionscadail um thacaíocht theicniúil dhúnta tar éis a gcur chun feidhme.

Cuideoidh **torthaí na meastóireachta seo** le feabhsuithe a shainaithint a d'fhéadfaí a chur le cur chun feidhme na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil go dtí deireadh 2027 agus cuirfidh siad bonn eolais faoin bplé agus faoin gcinnteoireacht maidir le todhchaí na tacaíochta teicniúla.

## MODHEOLAÍOCHT

[1]Ón 1 Feabhra 2025 i leith, rinneadh AS REFORM a chumasc sa Tascfhórsa um Athchóiriú agus Infheistíocht (SG REFORM).

Tá an mheastóireacht seo bunaithe ar na nithe seo a leanas: (i) staidéar tacaíochta[2] arna dhéanamh ag conraitheoir neamhspleách thar thréimhse 11 mhí dar tús an 21 Nollaig 2023; (ii) sraith de cheithre cheardlann inmheánacha arna n-eagrú ag AS REFORM; agus (iii) sonraí faireacháin, lena n-áirítear faisnéis arna bailiú tar éis dhúnadh thionscadail na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil tríd an sásra aiseolais[3]. I gcomhréir le treoirlínte an Aontais maidir le Rialáil Níos Fearr, tá an mheastóireacht mheántéarma bunaithe ar na **cúig chritéar meastóireachta**: ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas, agus breisluach Eorpach.

Áirítear ar na modhanna meastóireachta a úsáideadh **athbhreithniú deisce** (ar shonraí faireacháin AS REFORM, ar dhoiciméid thionscadail na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil, agus ar dhoiciméid eile atá ar fáil go poiblí) agus **comhairliúcháin le páirtithe leasmhara**. Cuimsítear an méid seo a leanas sna gníomhaíochtaí comhairliúcháin: (i) **comhairliúchán poiblí oscailte;**(ii) trí **shuirbhé** lena ndírítear ar pháirtithe leasmhara Ionstraime um Thacaíocht Theicniúil (soláthraithe tacaíochta teicniúla, údaráis chomhordúcháin agus údaráis is tairbhithe), agus fuarthas 289 bhfreagra; (iii) trí phlé i n**grúpaí fócais**, a raibh 37 rannpháirtí ann san iomlán; agus (iv) 114 **agallamh**. Braitheann an mheastóireacht freisin ar roinnt anailísí, lena n-áirítear: (i) **anailís costais is tairbhe;** (ii) seacht g**cás-staidéar,** lenar cumhdaíodh 98 dtionscadal i réimsí beartais éagsúla; agus (iii) anailís thionscadail na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil agus a **rannchuidiú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe**.

Bhí roinnt **teorainneacha** ag baint leis an bpróiseas meastóireachta, go háirithe maidir leis an measúnú ar éifeachtacht. Baineann an **chéad** phríomhtheorainn le cineál agus dearadh na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil: ní áirítear i Rialachán na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil glacadh agus cur chun feidhme iarbhír athchóirithe sna Ballstáit i measc chuspóirí ginearálta agus sonracha na hionstraime, ach dírítear ann ar 'chuidiú le húdaráis náisiúnta feabhas a chur ar a n-acmhainneacht'. Ina theannta sin, le Rialachán na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil ní fhorchuirtear oibleagáidí tuairiscithe sonracha ar na Ballstáit maidir le húsáid na mbeart tacaíochta agus stádas na n-athchóirithe a dtacaítear leo. Baineann teorainn eile leis an gcóras faireacháin agus meastóireachta atá ann faoi láthair maidir le tionscadail na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil nach gcuimsíonn éachtaí thionscadail na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil ar bhealach córasach agus infhíoraithe go hoibiachtúil,

[2]PPMI agus an Lárionad um Sheirbhísí Straitéise agus Meastóireachta (CSES) (2025), Staidéar tacaíochta don mheastóireacht mheántéarma ar an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (2021-2027): an tuarascáil chríochnaitheach. Oifig na bhFoilseachán: https://op.europa.eu/publication/catalogue_number/HT-01-25-000-GA-N.

[3]Chuir AS REFORM 'sásra aiseolais' dhá chéim i bhfeidhm in 2019 chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar thionscadail aonair na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil tar éis a gcur chun feidhme. Ar an gcéad dul síos, tar éis dhúnadh gach tionscadail tacaíochta teicniúla, seolfar 'ceistneoirí maidir le sástacht' chuig na príomhpháirtithe leasmhara faoi seach (oifigigh bheartais an Choimisiúin, údaráis is tairbhithe, agus soláthraithe tacaíochta teicniúla) chun aiseolas a bhailiú maidir le dearadh agus cur chun feidhme an tionscadail, maidir leis an idirghníomhaíocht idir na páirtithe leasmhara, agus maidir leis na réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu agus na ceachtanna a foghlaimíodh. Ar an dara dul síos, 6, 12 nó 18 mí ina dhiaidh sin, seolfar 'ceistneoir maidir leis an toradh' chuig na húdaráis is tairbhithe amháin, chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid a baineadh amach na torthaí a rabhthas ag súil leo, agus scór idir 1-10 luaite leo.

go háirithe ar leibhéal torthaí agus tionchair. Tá na huirlisí bailithe sonraí a úsáidtear (amhail suirbhéanna agus ceistneoirí) ag brath ar fhéintuairisciú agus leis sin d'fhéadfadh claontacht a bheith i gceist sna tomhais. Ar an tríú dul síos, cuireadh tús leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil in 2021, agus bhí thart ar leath de na tionscadail ó thimthriallta 2021-2 023 dúnta faoi thráth na meastóireachta sin. Ní fhéadfaidh torthaí agus tionchair fhadtéarmacha na tacaíochta a bheith inbhraite sna Ballstáit ach amháin tar éis roinnt blianta, agus ní fhéadfar iad a bhreathnú ach amháin má tá athchóirithe sonracha curtha chun feidhme go hiarbhír, mar sin d'fhéadfadh sé nár tháinig roinnt torthaí ar thionscadail chun cinn go fóill.

Áirítear sa mheastóireacht mheántéarma **bearta maolaithe** chun aghaidh a thabhairt, a mhéid is féidir, ar na teorainneacha sin agus chun iontaofacht na dtorthaí a áirithiú. Go háirithe, rinneadh iliomad foinsí sonraí a chomhcheangal agus a chrostagairt, mar shampla, trí bhraistintí na bpáirtithe leasmhara a chomhlánú le sonraí níos oibiachtúla. Ina theannta sin, rinneadh cás-staidéar ar an obair leantach ar thionscadail an Chláir Thacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach chun anailís níos fearr a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann na Ballstáit as bearta tacaíochta teicniúla agus ar a n-inbhuanaitheacht sa mheántéarma.

Tá sé tábhachtach na teorainneacha thuasluaite a aithint. Ar an gcéad dul síos, toisc gur fearr a ullmhaítear an bealach don mheastóireacht *ex post* trí aitheantas a thabhairt dóibh, rud a fhágfaidh go mbeidh measúnú níos cruinne ann ar thorthaí agus ar thionchair nuair a thiocfaidh deireadh leis an gclár. Ar an dara dul síos, trí na heasnaimh sin a aithint, tugtar léargais luachmhara lenar féidir pleanáil agus cinnteoireacht amach anseo a threorú. Tá SG REFORM ag obair faoi láthair ar roinnt sruthanna oibre chun faireachán agus meastóireacht ar an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil a fheabhsú, ag dul i dtreo córas faireacháin agus meastóireachta atá dírithe níos mó ar thorthaí, rud a d'fhéadfadh feabhas a chur ar thomhas thionchair mheántéarmacha agus fhadtéarmacha na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil.

Rinne an conraitheoir na cúraimí go léir faoi ghrinnscrúdú grúpa stiúrtha idirsheirbhíse agus faoi threoraíocht AS REFORM. Meastar go bhfuil an fhianaise a bhailíodh ionadaíoch agus fiúntach, rud a fhágann gur féidir freagraí daingne a chur ar fáil ar na ceisteanna meastóireachta agus teacht ar chonclúidí iontaofa agus ar cheachtanna a foghlaimíodh.

## PRÍOMHTHORTHAÍ

Ó cruthaíodh é in 2021, cuireann an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil tacaíocht theicniúil ar fáil do na Ballstáit chun feabhas a chur ar a n-acmhainneacht athchóirithe a dhearadh, a fhorbairt agus a chur chun feidhme, chomh maith le pleananna téarnaimh agus athléimneachta a ullmhú, a leasú, a chur chun feidhme agus a athbhreithniú faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA).

Agus na teorainneacha thuasluaite á gcur san áireamh, **fuarthas amach go raibh rath foriomlán ar chur chun feidhme na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil ó thaobh éifeachtachta, éifeachtúlachta agus comhleanúnachais de idir 2021-2023**. Fuarthas amach freisin go raibh an clár an-ábhartha maidir le haghaidh a thabhairt ar riachtanais na n-údarás is tairbhithe agus na mBallstát, arb é dearadh na hionstraime is mó is cúis leis. Bhí breisluach

Eorpach ag baint leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil freisin i gcomparáid leis an méid a d'fhéadfadh na Ballstáit a bhaint amach dá mbeidís ag feidhmiú leo féin.

### *Éifeachtacht*

D'ainneoin na dteorainneacha sin a dtugtar tuairisc orthu thuas, léirítear sna torthaí ón meastóireacht go ndearna an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil dul chun cinn suntasach idir 2021 agus 2023 i dtreo a **cuspóirí**, mar a leagtar amach i Rialachán na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil. Maidir lena cuspóirí sonracha, chuidigh an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil go héifeachtach leis na Ballstáit feabhas a chur ar a n-acmhainneacht athchóirithe a dhearadh agus a chur chun feidhme. Thacaigh sí go héifeachtach freisin le hullmhú agus cur chun feidhme na bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta trí rannchuidiú le níos mó ná 500 tionscadal atá nasctha go díreach nó go hindíreach le garspriocanna sonracha an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

Maidir leis an **tacaíocht do phleananna téarnaimh agus athléimneachta,** bhí mí-ailíniú áirithe ann idir sprioc-amanna gharspriocanna an phlean téarnaimh agus athléimneachta agus sceideal seachadta thacaíocht na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil le linn chur chun feidhme luath na tacaíochta in 2021. I gcásanna áirithe, cuireadh tacaíocht na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil ar fáil ró-luath agus i gcásanna eile tháinig sí ró-dhéanach lena húsáid, rud a tharla mar gheall ar an deis teoranta ó thaobh ama de. Cuireann na heasnaimh sin i dtábhacht a ábhartha atá sé aghaidh a thabhairt ar riachtanais tacaíochta teicniúla na mBallstát ó thús na dtionscnamh cistiúcháin nó beartais, lena n-áirithítear go ndéantar amlínte agus sprioc-amanna a ailíniú i gceart.

Chuir formhór mór pháirtithe leasmhara na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil in iúl go raibh siad an-sásta le rath agus torthaí na dtionscadal tacaíochta teicniúla. Tá **aschuir** luachmhara curtha ar fáil ag tionscadail na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil, go háirithe moltaí, ceardlanna, seisiúin oiliúna agus ábhar oiliúna, tuarascálacha anailíse, pleananna gníomhaíochta agus treochláir, agus treoirlínte. Bhain údaráis is tairbhithe úsáid nach beag as aschuir chun athruithe a bhaint amach ar an leibhéal aonair, ar an leibhéal eagraíochtúil agus ar an leibhéal beartais. Chuir sé sin leis an dul chun cinn maidir le baint amach na d**torthaí a rabhthas ag súil leo ón Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil**.

Bhí ról nach beag ag an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil maidir le gach cineál cumais riaracháin a neartú, go háirithe sásraí inmheánacha riaracháin le haghaidh athchóirithe ar fud an Aontais.

Mar sin féin, tá na héachtaí sin ag brath go mór ar **thosca náisiúnta,** amhail úinéireacht athchóirithe, infhaighteacht acmhainní airgeadais chun obair leantach a dhéanamh ar mholtaí, cobhsaíocht foirne chomh maith le leanúnachas polaitiúil agus riaracháin. Tá baint amach iarbhír thorthaí an athchóirithe ag brath ar iarrachtaí níos leithne na mBallstát, ós rud é nach doiciméid cheangailteacha ó thaobh dlí de iad na pleananna comhair agus tacaíochta, ina gcuirtear a dtiomantas in iúl maidir le bearta tacaíochta a chur chun feidhme. Mar sin féin, tá acmhainneacht mhaith ann na tairbhí sin a iolrú agus a n-inbhuanaitheacht a fheabhsú, trí naisc (neamh)fhoirmiúla a chothú le haghaidh comhar atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo agus trí leas a bhaint as eolas atá ann cheana, trí thorthaí tionscadail a scaipeadh

ar bhealach níos córasaí, trí thacaíocht leanúnach ó oifigigh an Choimisiúin agus trí mhalartú eolais i measc na mBallstát.

### *Éifeachtúlacht*

Ar an iomlán, bhí forghníomhú na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil agus na bpróiseas riaracháin a bhaineann léi **éifeachtúil den chuid is mó**. A bhuí le dearadh na hionstraime, níl aon oibleagáidí tuairiscithe ar na Ballstáit, agus tá an t-**ualach riaracháin** an-íseal i gcomparáid le hionstraimí eile de chuid an Aontais, rud a mholann na Ballstáit uile. Mheas na húdaráis is tairbhithe go raibh an t-ualach riaracháin a bhaineann leis na próisis iarratais agus cur chun feidhme tionscadail réasúnta agus comhréireach.

Leis an ardéileamh ar thacaíocht na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil, áirithíodh leibhéal maith iomaíochta agus roghnú tograí ardcháilíochta, bunaithe ar an scóráil inmheánach arb iad na hiarrataí roghnaithe faoi na seacht gcritéar a ndearnadh measúnú orthu is cúis leis sin.

Chun éifeachtúlacht a fheabhsú, tá na ceachtanna a foghlaimíodh ó mheastóireachtaí ar an gClár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach curtha i bhfeidhm ag AS REFORM, mar shampla **trí bhainistiú clár a shimpliú agus a chuíchóiriú.** Chuidigh tabhairt isteach tionscadal ilnáisiúnta, a bhí in thart ar 10 % de thionscadail uile na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil ó 2021 go 2023, le dul i ngleic le saincheisteanna coiteanna i measc na mBallstát. Is cosúil go bhfuil tionscadail ilnáisiúnta agus tionscadail shuaitheanta níos **costéifeachtaí agus níos éifeachtúla ó thaobh ama de** ná tionscadail neamhspleácha agus tionscadail a roghnaítear faoi iarrataí ginearálta. Mar sin féin, d’fhéadfadh castacht mhéadaithe na dtionscadal sin difear a dhéanamh d’éifeachtúlacht tionscadal ilnáisiúnta.

Le linn a tréimhse 2021-2023, bhí an clár éifeachtúil maidir le **fad an phróisis** agus **feidhmiú an bhuiséid** ó ghealltanais go híocaíochtaí, agus baineadh amach ráta ard úsáid an bhuiséid. Tháinig laghdú de réir a chéile ar **chostas** foriomlán **na rialuithe** ag AS REFORM le linn na tréimhse 2021-2023 agus bhí sé fós i gcomhréir le sprioc AS REFORM agus inchomparáide le cláir eile de chuid an Aontais.

Tháinig laghdú beag leanúnach ar an tréimhse ama iomlán idir an sprioc-am le haghaidh iarratas agus tús na tacaíochta teicniúla le linn na tréimhse meastóireachta, arb ionann í agus 11 mhí ar an meán. Maidir leis an tréimhse ama idir an t-iarratas agus tús iarbhír an tionscadail a ghiorrú, measadh go raibh sé sin ríthábhachtach chun go n-éireodh le tionscadail aonair agus maidir lena rannchuidiú éifeachtach leis na hathchóirithe leanúnacha, go háirithe maidir le freagairt do riachtanais phráinneacha. Féadfar machnamh breise a dhéanamh ar na sprioc-amanna bliantúla chun iarrataí ginearálta a chur isteach agus a mhéid a d’fhéadfadh socrú sprioc-amanna éagsúla feabhas a chur ar éifeachtúlacht tráth a chuirtear tús leis an tacaíocht teicniúil.

Cuirtear tionscadail na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil chun feidhme trí **mhodhanna seachadta** éagsúla. Tríd is tríd, bhí na húdaráis is tairbhithe agus na soláthraithe tacaíochta teicniúla an-dearfach maidir le soiléireacht, trédhearcacht agus soláimhsitheacht na nósanna imeachta um iarratais a dhéanamh agus iarrataí ar chistiú a roghnú, táirgí insoláthartha a fhormheas, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar thionscadail. Ní raibh na húdaráis chomhordúcháin chomh sásta céanna leis an **bhfaireachán a rinneadh ar thionscadail na**

**hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil**, go háirithe leis na huirlisí agus na nósanna imeachta agus leis an rochtain ar fhaisnéis ábhartha ar an leibhéal náisiúnta. Mheas na húdaráis is tairbhithe go raibh tacaíocht oifigigh bheartais AS REFORM an-úsáideach, ó thús go deireadh na tacaíochta teicniúla.

### *Comhleanúnachas*

Ó thaobh **comhleanúnachas inmheánach** de, níor aimsíodh sa mheastóireacht aon mhór-neamhréireacht idir tionscadail na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil sna Ballstáit aonair. Mar sin féin, níl ach fianaise theoranta ann maidir le sásraí comhoibríocha idir tionscadail éagsúla na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil sa Bhallstát céanna. Fuarthas amach sa mheastóireacht freisin go raibh difríochtaí suntasacha idir an rannpháirtíocht a bhí ann ó na húdaráis chomhordúcháin i gcur chun feidhme an chláir ar fud an Aontais. D'fhéadfaí iniúchadh a dhéanamh ar shineirgí idir tionscadail arna gcistiú ag an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil sa Bhallstát céanna sa réimse beartais céanna.

Le linn na tréimhse meastóireachta, léirigh an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil **comhleanúnachas seachtrach méadaithe** i gcomparáid leis an gclár a bhí ann roimpi, an Clár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach, lena raibh idirghabhálacha ar an leibhéal réigiúnach agus náisiúnta chomh maith le hidirghabhálacha eile de chuid an Aontais a raibh cuspóirí comhchosúla acu. Feidhmíonn an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil ar bhealach comhlántach le hionstraimí agus cláir eile de chuid an Aontais. Fuarthas amach sa mheastóireacht go raibh cuspóir na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil agus a gníomhaíochtaí comhlántach le cuspóirí Chiste Sóisialta na hEorpa Plus, Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus STA. Ní hamháin go bhfuil an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil éagsúil ó thaobh modhanna cur chun feidhme buiséid de, ach freisin ó thaobh cineál trasearnála agus raon feidhme leathan idirghabhála na hionstraime (gan a bheith teoranta d'earnáil beartais ar leith), d'fhad na tacaíochta a sholáthraítear agus do na cineálacha acmhainneachtaí a dtacaítear leo. D'fhéadfaí tuilleadh feabhais a chur ar an gcomhleanúnachas dá ndéanfadh na Ballstáit ionstraimí éagsúla de chuid an Aontais a chomhcheangal go straitéiseach chun tacú leis an timthriall athchóirithe iomlán ón dearadh go dtí an cur chun feidhme. Is cosúil go bhfuil na sineirgí is mó á bhforbairt le STA agus leis an Ionstraim um Chúnamh Teicniúil agus um Malartú Faisnéise[4]. Trí thacaíocht ghinearálta agus speisialaithe araon a chur ar fáil, bhí an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil in ann aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna atá ríthábhachtach do chur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, amhail bainistiú tionscadal agus rialachas. Cuireann fianaise mheastóireachta béim ar a thábhachtaí atá tacaíocht na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil chun neart a chur leis na cumais oibríochtúla is gá chun tionscnaimh STA a fhorghníomhú go héifeachtach. Mar sin féin, chuir roinnt Ballstát ábhair imní in iúl mar gheall ar an meastóireacht maidir leis an ngá atá le dearcadh níos cuimsithí a bheith ann mar gheall ar an iliomad ionstraimí cistiúcháin atá ar fáil laistigh de chreat beartais an Aontais.

---

[4] Is uirlis tógála institiúidí de chuid an Aontais í Ionstraim um Chúnamh Teicniúil agus um Malartú Faisnéise, lena mbaintear leas as saineolas na hearnála poiblí ó Bhallstáit an Aontais de mheon Fhoireann na hEorpa chun tacú le próisis athchóirithe ar fud an domhain.

Tá an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil comhsheasmhach freisin le próiseas an tSeimeastair Eorpaigh, tríd an ról atá aici maidir le haghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha arna n-eisiúint mar chuid den Seimeastar Eorpach. Luaigh formhór na n-údarás comhordúcháin agus na n-údarás is tairbhithe go raibh tacaíocht mhór nó mheasartha le fáil ó tionscadail na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil le hathchóirithe lena dtugtar aghaidh ar mholtaí tírshonracha. Deimhníodh é sin leis na cás-staidéir, lena léiríodh go raibh ról tábhachtach ag an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil maidir le moltaí tírshonracha a chur chun feidhme. Mar sin féin, tá dúshláin fós ann maidir le faireachán córasach a dhéanamh ar an gcaoi a rannchuidíonn tionscadail na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil go sonrach le moltaí tírshonracha a chomhlíonadh, mar gheall ar shainordú teoranta na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil tar éis chur chun feidhme na dtionscadal.

Ar deireadh, tá tionscadail na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil ailínithe go dlúth le príomhthosaíochtaí an Choimisiúin, amhail an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú glas. D'fhéadfadh gur féidir an méadú atá ag teacht ar líon tionscadal na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil a rannchuidíonn le príomhthosaíochtaí a nascadh le hiarrataí suaitheanta a tugadh isteach. Tá aitheantas faighte ag an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil freisin mar uirlis luachmhar chun tacú leis na Ballstáit reachtaíocht an Aontais a chur chun feidhme.

### *Breisluach Eorpach*

Sáraíodh leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil an méid a d'fhéadfadh Ballstáit aonair a bhaint amach go neamhspleách. Go háirithe, cuireann an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil **saineolas idirnáisiúnta, go háirithe saineolas Eorpach,** ar fáil nach mbíonn ar fáil de ghnáth ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta, lena dtugtar aghaidh ar riachtanais shonracha a mbeadh sé deacair ar na Ballstáit iad a chomhlíonadh ina n-aonar. Trí shaineolas idirnáisiúnta agus áitiúil a chomhcheangal, bhí tairbhe leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, agus thug saineolaithe áitiúla léargais chomhthéacs-shonracha agus soláthraithe idirnáisiúnta cur chuige níos straitéisí, agus chabhraigh siad le creidiúnacht agus le glacadh na n-athchóirithe a mhéadú.

Chuir an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil breisluach Eorpach ar fáil trí thacú le forbairt agus cur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta. Bhí **tionchair thrastíre nach beag** ag an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, agus cuireadh breisluach ard Eorpach ar fáil léi trí phobail saineolaithe a fhorbairt agus trí chomhar leanúnach i measc na mBallstát. Trí dheis a thabhairt bealaí cumarsáide a chruthú le piaraí agus le gairmithe ar fud na mBallstát éagsúil, d'éascaigh an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil comhroinnt na gceachtanna a foghlaimíodh agus na ndea-chleachtas ar fud na mBallstát. Chomh maith leis sin, bhí ról tábhachtach ag tionscadail na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil maidir le beartais agus tosaíochtaí an Aontais a chur chun feidhme agus maidir le tacú leis an aistriú digiteach agus leis an aistriú glas. I ndáil leis an méid sin, cuireann **tionscadail shuaitheanta** (lena gcuimsítear tionscadail neamhspleácha agus ilnáisiúnta araon) luach breise trí thacú le tosaíochtaí an Aontais, trí chomhlíontacht rialála a spreagadh, agus trí chur i bhfeidhm dhlí an Aontais a chur chun cinn. Thug páirtithe leasmhara dá n-aire, áfach, go bhfuil an baol ann go n-imeodh tionscadail shuaitheanta ar mhalairt treo ó aidhm shonrach na hIonstraime um

Thacaíocht Theicniúil, is é sin tacaíocht a chur ar fáil atá saincheaptha do riachtanais Ballstát sonrach. Tá comhdhearcadh láidir i measc na bpáirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo maidir le rannchuidiú nach beag na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil leis an aistriú digiteach agus leis an aistriú glas. Go sonrach, rannchuidíonn an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil níos mó leis an aistriú glas ná mar a rannchuidigh an Clár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach a bhí ann roimpi.

Meastar go bhfuil **tionscadail ilnáisiúnta** luachmhar mar gheall ar a gcumas dul i ngleic le dúshláin trasteorann níos leithne agus, an tráth céanna, feabhas a chur ar chomhar agus ar chomhroinnt dea-chleachtas i measc na dtíortha rannpháirteacha. Mar sin féin, cuireadh ábhair imní in iúl maidir lena gcastacht agus go bhféadfadh úinéireacht agus tiomantas polaitiúil níos lú ó thíortha rannpháirteacha a bheith mar thoradh ar na tionscadail sin, rud a d'fhéadfadh an bonn a bhaint den rath a bheidh orthu.

### *Ábharthacht*

Tugtar le fios sna torthaí ón gcomhairliúchán gur **ionstraim an-ábhartha í an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, atá saincheaptha go maith do riachtanais Bhallstáit an Aontais agus a n-údarás is tairbhithe,** sainaithníodh feabhsuithe i réimsí áirithe sa meastóireacht *ex post* a rinneadh ar an gClár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach. Léirítear leis an bhfianaise go bhfuil **gá fós le tacaíocht theicniúil,** go háirithe maidir le nósanna imeachta agus modheolaíochtaí a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Chomhaontaigh na húdaráis is tairbhithe agus na húdaráis chomhordúcháin is mó a ndeachthas i gcomhairle leo go raibh an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil oiriúnach chun tacaíocht theicniúil a sholáthar agus dheimhnigh siad gur thug tionscadail na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil in ann aghaidh a thabhairt ar phríomhriachtanais a n-institiúidí, a bhuí go príomha le dearadh na hionstraime, agus go ndearna siad sin ar bhealach tráthúil. Measann na páirtithe leasmhara uile go bhfuil **dearadh agus struchtúr** na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil an-ábhartha chun neart a chur le hacmhainneacht riaracháin agus institiúideach na mBallstát na hathchóirithe is gá chun dul i ngleic leis na dúshláin atá os a gcomhair a dhearadh agus a chur chun feidhme.

Mar sin féin, tá sé tábhachtach na torthaí dearfacha sin a mheas sa chomhthéacs go gcuirtear tacaíocht na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil ar fáil ar bheagnach costas ar bith ar na Ballstáit uile a nglactar lena n-iarrataí, gan beann ar a gcumas a dtacaíocht theicniúil féin a eagrú. Cuireadh i dtábhacht sna hagallaimh roinnt teorainneacha a bhí sa fhreagairt ar **riachtanais phráinneacha** trí ghlaonna ginearálta an timthrialla bhliantúil, agus an fad ama is gá chun tús a chur le tionscadail, tar éis don ghá teacht chun cinn, á chur san áireamh. Mar sin féin, léirigh dearadh na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil ardsolúbthacht maidir le haghaidh a thabhairt ar riachtanais gan choinne na mBallstát agus ar riachtanais na mBallstát a thagann chun cinn trí ghlaonna tiomnaithe agus trí bhearta speisialta a leagtar amach i Rialachán na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil. I gcomparáid leis an meastóireacht *ex post* ar Clár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach, agus a bhuí leis na módúlachtaí sin, chomhaontaigh formhór na n-údarás is tairbhithe agus na n-údarás comhordúcháin náisiúnta go raibh an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil in ann aghaidh a thabhairt ar riachtanais na tíre a bhí práinneach agus/nó a bhí gan choinne, a bhuí lena dearadh. Trí iarrataí suaitheanta ar

thacaíocht agus tionscadail ilnáisiúnta agus ilréigiúnacha a thabhairt isteach, bhí an clár in ann aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí an Aontais ar bhealach níos fearr agus cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme dhlí an Aontais a fheabhsú.

## PRÍOMHCHEACHTANNA A FOGHLAIMÍODH

Cuireadh i dtábhacht sa mheastóireacht roinnt feabhsuithe ar an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil i gcomparáid leis an gclár a bhí ann roimpi, an Clár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach, rud a léiríonn rannpháirtíocht níos gníomhaí na bpáirtithe leasmhara agus gné thrastíre níos mó. Leagtar amach thíos na príomhcheachtanna a foghlaimíodh ó mheastóireacht mheántéarma na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil, bunaithe ar thorthaí agus ar chonclúidí na meastóireachta sin:

### *Dearadh na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil*

- Cuidíonn an chaoi a bhfuil an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil **faoi thionchar an éilimh** le húinéireacht na mBallstát ar thionscadail agus le tiomantas na bpáirtithe leasmhara a áirithiú, rudaí atá ríthábhachtach chun go mbeidh rath ar na hathchóirithe, ach go mbíonn éachtaí nithiúla ag brath go mór ar *thosca náisiúnta*. Áirithítear ailíniú na dtionscadal le creat an tSeimeastair Eorpaigh agus le tosaíochtaí ábhartha an Aontais le linn an phróisis roghnúcháin, trí na critéir roghnúcháin.
- Tá teorainneacha ag baint leis an dearadh atá ar an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil faoi láthair maidir le torthaí nithiúla sna Ballstáit a rianú toisc nach ndéantar tagairt dhíreach ina bunús dlí d’athchóirithe a bhaint amach, ná ní fhorchuirtear leis ceanglais shonracha ar na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar stádas na n-athchóirithe tacaithe. Amach anseo, ba cheart na barúlacha sin a chur san áireamh agus ba cheart féachaint ar bhealaí chun feabhas a chur ar an bhfócas ar athchóirithe. Ina theannta sin, ba cheart oibleagáidí tuairiscithe sonracha a mheas, agus a áirithiú an tráth céanna go leanfaidh an t-ualach riaracháin de bheith comhréireach leis na gníomhaíochtaí a dhéantar faoin ionstraim.
- Ba cheart an tacaíocht theicniúil a bheith solúbtha a dóthain chun freastal ar riachtanais na mBallstát agus chun oiriúnú d’athruithe ar thosaíochtaí agus staideanna polaitiúla. D’fhéadfadh athruithe inmheánacha agus seachtracha araon teacht ar údaráis phoiblí, lena n-áirítear athruithe beartais, dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta, agus tírdhreacha dlíthiúla agus rialála atá ag athrú, rud a éilíonn tacaíocht agus cúnamh teicniúil chun dul in oiriúint do chuspóirí agus do straitéisí nua.
- Bhí dearadh TSI éifeachtach go ginearálta chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na mBallstát, ach d’fhéadfadh an timthriall bliantúil teorainn a chur lena cumas freagairt do riachtanais phráinneacha na mBallstát. Cé gur tugadh aghaidh go héifeachtach leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil ar roinnt riachtanas práinneach trí ghlaonna tiomnaithe, tá gá le hinfheistíocht ama agus acmhainní nach beag chun na glaonna sin a dhéanamh.

### *Tionscadal na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil a chur chun feidhme*

- Cuirtear i dtábhacht i dtorthaí na meastóireachta a thábhachtaí atá sé an cineál tionscadail is iomchuí le haghaidh tacaíocht theicniúil a shainaithint, i bhfianaise láidreachtaí agus laigí, riachtanais agus comhthéacsanna na mBallstát. Bhí tionscadail **ilnáisiúnta** agus tionscadail **shuaitheanta** (lena gcumhdaítear tionscadail neamhspleácha agus tionscadail ilnáisiúnta) an-ábhartha maidir le haghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí an Aontais, comhar a chothú, agus dea-chleachtais a chomhroinnt thar theorainneacha. Is cosúil go bhfuil tionscadail **neamhspleácha** níos iomchuí agus níos saincheaptha chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais níos sonraí, ós rud é go bhfágann siad go mbíonn athchóirithe níos spriocdhírithe, lena n-áirithítear níos mó rannpháirtíochta ó údaráis is tairbhithe.
- Baineadh úsáid as **modhanna seachadta** éagsúla ar fud na dtionscadal tacaíochta teicniúla, agus bhí rátaí arda sástachta ann i measc na bpáirtithe leasmhara. Léirítear san fhianaise go bhféadfadh soláthraithe príobháideacha a bheith níos oiriúnaí chun cúraimí teicniúla a chur i gcrích, cé go ndealraíonn sé go bhfuil eagraíochtaí idirnáisiúnta níos oiriúnaí chun rannchuidiú le saincheisteanna straitéiseacha níos leithne, agus chun freagairt chomhsheasmhach a áirithiú ar fud an Aontais ar an gcineál céanna riachtanais i gcás tionscadail ilnáisiúnta. Léiríodh gur cur chuige éifeachtach é úsáid a bhaint as meascán saincheaptha de mhodhanna seachadta – amhail an Ionstraim um Chúnamh Teicniúil agus um Malartú Faisnéise a chomhcheangal le modhanna eile – go háirithe le haghaidh tionscadail chasta nó ilnáisiúnta.
- Mar sin féin, tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun a áirithiú go n-úsáidfear táirgí insoláthartha na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil go héifeachtach agus go ndéanfaidh na Ballstáit obair leantach nithiúil.

  Maidir le tacaíocht *ad hoc* AS DIGIT a chuireann comhairle shaineolach ar fáil, measadh go raibh sí tairbhiúil chun tionscadail a chur chun feidhme. Tá an tacaíocht sin níos measa tar éis ghlacadh Rialachán (AE) 2024/903 maidir leis maidir leis an nGníomh um Eoraip Idir-inoibritheach. Is díol suntais é gur bronnadh an gradam speisialta "ASEDIE 25 bliana" ar an tionscadal *'Nód Idir-inoibritheachta Staidrimh'* mar gheall ar an luach a cuireadh ar fáil.

### *Ról éascaitheora an Choimisiúin*

- Fuarthas amach sa mheastóireacht go raibh **ról nach beag** ag an gCoimisiún **i gcur chun feidhme** thionscadail na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil. Go háirithe, bhí dlúth-rannpháirtíocht oifigigh bheartais AS REFORM ríthábhachtach chun tacú le dearadh tionscadail (chun cur chun feidhme a éascú) agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin éagsúla a tháinig chun cinn le linn an chur chun feidhme. Bhí a maoirseacht oibríochtúil leanúnach tábhachtach freisin.
- Chuir páirtithe leasmhara in iúl go bhféadfadh tacaíocht bhreise ó oifigigh bheartais an Choimisiúin a bheith úsáideach tar éis tionscadail na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil a thabhairt chun críche chun a áirithiú go mbainfear amach torthaí fadtéarmacha ar bhealach inbhuanaithe.
- I gcásanna áirithe, cuireadh i dtábhacht rannpháirtíocht níos dlúithe oifigeach beartais ó **Ard-Stiúrthóireachtaí sonracha an Choimisiúin** mar rud tairbheach chun feabhas a chur ar thionscadail na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil go háirithe i gcás thionscadail na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil a bhaineann le cur chun feidhme dhlí an Aontais (i gcás ceanglais reachtacha chasta de chuid an Aontais, amhail an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

### *Torthaí agus inbhuanaitheacht na tacaíochta teicniúla*

- Bhain údaráis is tairbhithe úsáid as aschuir thionscadail na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil, amhail moltaí, torthaí ó cheardlanna, agus tuarascálacha anailíse, chun **athruithe ar leibhéal aonair, eagraíochtúil agus beartais** a bhaint amach.
- Tá **rath na tacaíochta teicniúla** agus gnóthachtáil **torthaí** inbhuanaithe fadtéarmacha **ag brath ar an obair leantach chomhsheasmhach chórasach a dhéanann na Ballstáit ar thionscadail tacaíochta teicniúla**. Fuarthas gur thoisc ríthábhachtach í úinéireacht leanúnach na n-údarás náisiúnta chun a áirithiú go ndéanfaidh siad gníomhaíochtaí leantacha agus go n-úsáidfidh siad aschuir arna soláthar ag tionscadail tacaíochta teicniúla. Fuarthas amach sa mheastóireacht go bhfuil an obair leantach sin freisin ag brath ar thosca náisiúnta, amhail úinéireacht ar athchóirithe, infhaighteacht acmhainní airgeadais, cobhsaíocht foirne, agus leanúnachas polaitiúil agus riaracháin.
- Mar sin féin, cé is moite de cheistneoirí maidir le sástacht agus maidir leis na torthaí a líonadh isteach, níl gealltanas foirmiúil tugtha ag na húdaráis náisiúnta go fóill obair leantach a dhéanamh ar thionscadail tacaíochta teicniúla (e.g. trí athchóirithe ábhartha a ghlacadh). Féadfar machnamh breise a dhéanamh ar conas na Ballstáit a dhreasú chun obair leantach a dhéanamh ar bhonn níos comhsheasmhaí agus níos córasaí ar thionscadail tacaíochta teicniúla agus tuairisc a thabhairt ar an obair sin. Is gá freisin **an faireachán agus an mheastóireacht ar an tacaíocht theicniúil** a threisiú chun na héachtaí a dhéantar a rianú ar bhealach níos fearr, go hoibiachtúil, ag brath ar chineál na mbeart (e.g. oiliúint agus fothú acmhainneachta, tacaíocht d'athchóirithe sonracha agus moltaí do na húdaráis náisiúnta, etc.), chomh maith le ceachtanna a foghlaimíodh a úsáid chun tionscadail nua a fheabhsú.

### *An ghné ilbhliantúil*

- **Níl cur chuige clársceidealaithe meántéarmach ná fadtéarmach ag an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil faoi láthair, lena nascfaí tacaíocht theicniúil le cláir eile chun a n-éifeachtacht a fheabhsú agus chun fís straitéiseach chomhleanúnach a chruthú maidir le tacaíocht theicniúil i mBallstát ar leith**. Mar sin féin, ní mór é sin a réiteach le cineál bliantúil na hionstraime, atá cumhdaithe i Rialachán na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil. Soláthraítear forbhreathnú straitéiseach gearrthéarmach ar chur chun feidhme na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil i bpleananna comhair agus tacaíochta, ach níl na doiciméid sin ceangailteach ó thaobh dlí de. Le linn na tréimhse 2021-2023, rinneadh ailíniú na tacaíochta teicniúla leis na hathchóirithe leanúnacha ar an leibhéal náisiúnta a áirithiú freisin trí phleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta.
- D'fhéadfadh sé gur ghá roinnt machnaimh a dhéanamh freisin maidir le tionscadail **shuaitheanta** a shainiú. Mar shampla, d'fhéadfadh buntáiste a bheith le tionscadail shuaitheanta a fhorbairt a bhfuil peirspictíocht mheántéarmach acu, a mhairfidh roinnt blianta nó glaonna ar thacaíocht theicniúil. D'fhéadfadh dearcadh meántéarmach ar thionscadail shuaitheanta níos mó fócas a chur ar dhúshláin shonracha atá os comhair na mBallstát agus an Aontais ina iomláine agus, an tráth céanna, éifeachtúlacht a fheabhsú tríd an ualach riaracháin a laghdú a bhaineann le comhairliúcháin bhliantúla le seirbhísí

éagsúla an Choimisiúin agus le Ballstáit agus le coigeartú uirlisí corparáideacha ar bhonn bliantúil.

### *An ghné théamach agus bheartais*

- Ó bhí 2023 ann, i dtionscnaimh amhail an Spás Riaracháin Eorpach (ComPAct) – lena n-áirítear an Clár Malartaithe Riaracháin Phoiblí (PACE) – moltar gníomhaíochtaí nithiúla a chuirtear chun feidhme tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, chun cuidiú le húdaráis phoiblí freastal ar riachtanais daoine agus ghnólachtaí ar fud na hEorpa. Leis na tionscnaimh sin, cuireadh i dtábhacht an breisluach a bhaineann leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil maidir le hacmhainneacht riaracháin na n-údarás poiblí a neartú ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus maidir lena áirithiú go mbeidh rochtain ag gach saoránach ar sholáthar seirbhíse poiblí ar ardchaighdeán agus go pras. Má chuirtear chun feidhme go rathúil iad, d'fhéadfadh na tionscnaimh agus **na tionscadail sin a bheith ina n-eiseamláir spreagúil maidir le comhtháthú beartais, comhleanúnachas agus éifeachtacht i dtacaíocht theicniúil a sholáthar ar fud na réimsí beartais**.
- Cuireann tionscnamh ComPAct ardán maith agus 'mol eolais' ar fáil chun tacaíocht theicniúil a sholáthar i réimse an rialachais agus an riaracháin phoiblí, agus ionstraimí eile de chuid an Aontais á gcomhlánú.
- I gcaitheamh na mblianta, tá lear mór eolais ar bheartais théamacha cruthaithe ag tionscadail tacaíochta teicniúla. Le linn na tréimhse meastóireachta, bhí ról níos gníomhaí ag AS REFORM maidir le haschuir agus táirgí insoláthartha na tacaíochta teicniúla a scaipeadh, rud a d'fhéadfaí a neartú chun iad a úsáid ar bhealach níos fearr i ngach **réimse téamach**. Is sampla dea-chleachtais é ardán an Acadaimh um Maoirseacht ar Airgeadas Digiteach de scaipeadh éifeachtach chun úsáid ábhar agus táirgí insoláthartha ó thionscadail eile agus ó thionscadail dhúnta a chothú, go háirithe sa réimse beartais céanna.
- Tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, bhain na Ballstáit tairbhe as saineolas teicniúil saincheaptha chun athchóirithe digiteacha a dhearadh agus a chur chun feidhme. Thacaigh sé le tionscadail lena bhfeabhsaítear an rialachas digiteach, lena ndéantar an riarachán poiblí a nuachóiriú, agus lena bhfeabhsaítear soláthar na seirbhíse poiblí trí theicneolaíochtaí digiteacha a ghlacadh agus lena gcothaítear idir-inoibritheacht trasteorann.

### *An ghné tíre*

- Fuarthas amach sa mheastóireacht go bhfuil gá le **comhordú agus sineirgí feabhsaithe idir tionscadail arna gcistiú ag an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil sa Bhallstát céanna.** D'fhéadfadh gá a bheith le roinnt machnaimh freisin maidir le conas an forléargas agus an obair leantach ar an tacaíocht a chuirtear ar fáil a fheabhsú a thuilleadh, rud a fhorbródh fís níos iomlánaíche maidir le tacaíocht tíre. D'fhéadfadh sé sin cabhrú freisin le sineirgí agus comhlántachtaí idir cláir éagsúla de chuid an Aontais a neartú agus le hamlínte agus spriocdhátaí tírshonracha a ailíniú ar bhealach níos fearr.
- Le linn na tréimhse meastóireachta, **bhí ról lárnach ag comhordaitheoirí tíre agus údaráis chomhordúcháin AS REFORM** chun a áirithiú go raibh na beart tacaíochta teicniúla a cuireadh ar fáil ábhartha don tír a bhí i gceist, chun aon saincheisteanna a

tháinig chun cinn le linn chéim an chur chun feidhme a shainaithint, agus chun bearta maolaithe leordhóthanacha a mholadh.

- Léirítear leis an bhfianaise go bhfuil acmhainneacht neamhshaothraithe ag údaráis chomhordúcháin maidir le faireachán a dhéanamh ar an ngá atá le táirgí insoláthartha tacaíochta teicniúla agus úsáid na dtáirgí sin ar an leibhéal náisiúnta chun torthaí meántéarmacha agus fadtéarmacha a bhaint amach (e.g. na hathchóirithe ábhartha a ghlacadh) chomh maith le cur chuige straitéiseach a ghlacadh i dtreo tacaíochta teicniúla a chomhcheangal le cláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais.
- Fuarthas amach sa mheastóireacht go bhféadfadh rannpháirtíocht údaráis chomhordúcháin a bheith ag brath ar a seasamh laistigh den chreat institiúideach, ar mhéid údaráis phoiblí an Bhallstáit, agus ar na hacmhainní atá tiomnaithe don chúram sin. D'fhéadfaí éifeachtacht an chláir a mhéadú ach an creat institiúideach a neartú agus oibleagáidí tuairiscithe a thabhairt isteach do na Ballstáit.
- Trí ról níos foirmiúla agus níos aontaithe a bheith ag údaráis chomhordúcháin, d'fhéadfaí úinéireacht na n-athchóirithe a neartú (trí thosaíocht níos fearr a thabhairt d'iarrataí) agus faireachán na dtionscadal ar fud na mBallstát a fheabhsú, agus solúbthacht a choinneáil ar bun an tráth céanna maidir le ról na n-údarás comhordúcháin a chur in oiriúint do chomhthéacs sonrach gach Ballstáit.

### *An ghné thrastíre*

- Tá **tionchair thrastíre nach beag** léirithe ag an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, agus tionscadail ilnáisiúnta ag dul i ngleic le dúshláin trasteorann níos leithne agus comhar agus comhroinnt eolais agus dea-chleachtas i measc tíortha rannpháirteacha a neartú.
- Thóg an clár pobail saineolaithe agus comhar leanúnach a chothú idir na Ballstáit, rud a chuireann breisluach ard Eorpach ar fáil.
- Bhí ról lárnach ag an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil freisin maidir le creidiúnacht agus glacadh na n-athchóirithe a mhéadú, rud a chuir lena ndlisteanacht agus lena n-infheictheacht ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais.
- Le tabhairt isteach iarrataí **ilnáisiúnta agus ilréigiúin,** cuireadh go mór le héifeachtúlacht freisin trí roghnú iarrataí iomadúla faoi chonradh nó comhaontú aonair a chumasú. Mar sin féin, tá riosca áirithe ag baint leis na tionscadail sin go gcaolófar riachtanais thírshonracha, rud a chuirfidh teorainn le rannpháirtíocht na mBallstát agus iad ag dul chun cinn ar luasanna éagsúla.
- Measadh gur éirigh le h**iarrataí suaitheanta** a thabhairt isteach toisc gur fhág siad go raibh ailíniú níos fearr ann idir athchóirithe náisiúnta agus tosaíochtaí an Aontais, rud a spreag comhlíonadh rialála, agus a chuir chun cinn cur i bhfeidhm dhlí an Aontais. D'fhéadfadh na tionscadail sin freastal ar dhúshláin struchtúracha níos seanbhunaithe ar fud na mBallstát agus ar fud an Aontais i gcoitinne.

### *Sineirgí le cláir eile de chuid an Aontais*

- Bhí an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil éifeachtach maidir le tacú le hathchóirithe a chur chun feidhme, agus líon suntasach athchóirithe nasctha le garspriocanna sonracha an phlean téarnaimh agus athléimneachta. D'fhéadfadh buntáiste a bheith le tacaíocht

theicniúil a ionchorprú ó thús cistí agus ionstraimí beartais a chur chun feidhme, mar a tharla i gcásanna áirithe maidir le STA, agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chuidiú chun a áirithiú go gcomhlíontar ceanglais maidir le hacmhainneacht riaracháin, agus go ndéanfar amlínte a shioncronú.

- Bhí an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil comhsheasmhach **le próisis eile de chuid an Aontais**, amhail an Seimeastar Eorpach, agus rannchuidigh sí le tosaíochtaí an Aontais a bhaint amach, lena n-áirítear an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú glas.
- Is féidir leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil éifeachtacht clár eile a fheabhsú tríd an acmhainneacht riaracháin agus institiúideach is gá a fhorbairt chun iad a chur chun feidhme go rathúil. Mar sin féin, léiríodh leis an meastóireacht gurbh fhearr le roinnt Ballstát dearcadh níos cuimsithí a bheith ann ós rud é go bhfuil an iliomad ionstraimí cistiúcháin ar fáil laistigh de chreat beartais an Aontais.